# Gaelscoil Cholmcille

## FÓGRA BLIANTÚIL MAIDIR LE LIGEAN ISTEACH

## i dtaca le ligean isteach i scoilbhliain 2025/2026

### Polasaí um Ligean Isteach agus Foirm Iarratais

***(Leasaithe agus uasdátaithe i mí Feabhra 2025 nuair a ceadaíodh don scoil rang speisialta a oscailt)***

Tá cóip de Pholasaí na scoile um Ligean Isteach agus Foirm Iarratais um Ligean Isteach do 2025-26 ar fáil mar seo a leanas: –

Le híoslódáil ag: www.gaelscoilcholmcille.ie

Ar iarratas: Ach ríomhphost a chur chuig **claruchan@gaelscoilcholmcille.ie** le

nó scríobh chuig: Gaelscoil Cholmcille, Lána na Cúlóige, Baile Átha Cliath 17,

nó i bpearsan ó oifig na scoile.

## CUID 1 - Ligean isteach i scoilbhliain 2025-26

### Dátaí Iarratais agus Cinnidh i gcomhair ligean isteach in 2025-26

Is iad seo a leanas na dátaí is infheidhme maidir le ligean isteach sna **Naíonáin Shóisearacha:**

| | |
|---|---|
| Tosóidh an scoil ag glacadh le hiarratais i gcomhair ligean isteach ar | **10/10/24** |
| Stopfaidh an scoil ag glacadh le hiarratais i gcomhair ligean isteach ar | **24/10/24** |
| Is é an dáta faoina gcuirfear an cinneadh maidir lena n-iarratas in iúl d'iarratasóirí ná | **14/11/24** |
| Is í an tréimhse nach mór d'iarratasóirí a dheimhniú go bhfuil siad ag glacadh le tairiscint ar ligean isteach laistigh di ná* | **24/11/24** |

**Nóta: Measfaidh an scoil iarratais dhéanacha agus eiseoidh cinntí orthu de réir polasaí iontrála na scoile.**

### Líon na n-áiteanna atá á gcur ar fáil in 2025-26 i Naíonáin Bheaga

| | |
|---|---|
| Is é líon na n-áiteanna atá á gcur ar fáil sna Naíonáin Shóisearacha ná: | **26** |
| | |

## Dátaí Iarratais agus Cinnidh do Rang Speisialta i gcomhair ligean isteach in 2025-2026

Is iad seo a leanas na dátaí is infheidhme maidir le ligean isteach i Rang Speisialta na scoile, ar rang é a fhreastalaíonn ar leanaí le **huathachas.**

| | |
|---|---|
| Tosóidh an scoil ag glacadh le hiarratais i gcomhair ligean isteach ar | 14.03.25 |
| Stopfaidh an scoil ag glacadh le hiarratais i gcomhair ligean isteach ar | 04.04.25 |
| Is é an dáta faoina gcuirfear an cinneadh maidir lena n-iarratas in iúl d'iarratasóirí ná | 11.04.25 |
| Is í an tréimhse nach mór d'iarratasóirí a dheimhniú go bhfuil siad ag glacadh le tairiscint ar ligean isteach laistigh di ná | 25.04.25 |

***Mura nglactar le tairiscint taobh istigh den am atá leagtha síos thuas, d'fhéadfaí an tairiscint a tharraingt siar**

### Líon na n-áiteanna atá á gcur ar fáil in 2025 - 2026

| | |
|---|---|
| Is é líon na n-áiteanna atá á gcur ar fáil sa rang amháin speisialta* a fhreastalaíonn ar leanaí le **huathachas** ná | **6** |